



**An Roinn Tithíochta,  
Pleanála agus Rialtais Áitiúil**  
Department of Housing,  
Planning and Local Government

## **Comhairliúchán Poiblí ar an Ráiteas Polasaí Pleanála Mara (Ráiteas Príobháideachais)**

Is í an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil an Roinn Rialtais atá freagrach as tithíocht agus uisce, as pleanáil fhisiciúil agus spásúil, as an rialtas áitiúil agus as réamhaisnéis na haimsire.

Tá an Roinn tiomanta do phríobháideacht a chosaint agus a urramú. Míníonn an ráiteas príobháideachais seo conas a phróiseálfaidh an Roinn, mar an Rialaitheoir Sonraí, na sonraí pearsanta a chuirtear ar fáil di maidir le haighneachtaí a rinneadh le linn rannpháirtíocht an phobail ar an dréacht-Ráiteas Polasaí Pleanála Mara (MPPS); conas a úsáidfear an fhaisnéis sin, agus cad iad na cearta a fhéadfaidh tú a fheidhmiú maidir le do shonraí pearsanta.

### **Cén fáth go bhfuilimid ag próiseáil do shonraí**

Bainfidh an Roinn úsáid as do chuid sonraí chun forbairt MPPS na hÉireann a threorú. Bailíonn an Roinn do shonraí i bhfoirm aon sonraí teagmhála a fhaighimid uait chun liosta de pháirtithe leasmhara a bhfuil suim acu i bpleanáil mhuirí a chruthú agus a chothabháil agus is mian leo páirt a ghlacadh i bhforbairt MPPS na hÉireann. Foilseofar gach aighneacht a fhaightear le linn an phróisis rannpháirtíochta poiblí ar shuíomh gréasáin na Roinne, [www.housing.gov.ie](http://www.housing.gov.ie). Féadfar aighneachtaí a scaoileadh faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 2014. Déanfar sonraí pearsanta, amhail sonraí teagmhála, a atheagrú sula bhfoilseofar iad. Áireoidh an Roinn d'ainm, nó ainm na heagraíochta a ndéanann tú ionadaíocht air, san aighneacht fhoilsithe. Más mian leat nach dtaispeánfar d'ainm ar láithreán gréasáin na Roinne, tabhair le fios mar sin é san aighneacht. Beidh gach aighneacht a fhaightear faoi réir fhorálacha an Achta um

Shaoráil Faisnéise agus na reachtaíochta um Chosaint Sonraí. Ní dhéanfaidh an Roinn do shonraí pearsanta a phróiseáil chun críche ar bith seachas an cuspóir ar bailíodh é.

### **Próifíliú**

Ní úsáidfidh an Roinn aon sonraí pearsanta a bhailítear uait in aighneachtaí a fhaightear mar chuid den phróiseas rannpháirtíochta poiblí seo chun críche cinnteoireachta nó próifílithe uathoibríthe.

### **Dleathacht na próiseála**

Tá an phróiseáil seo ar do shonraí pearsanta dleathach faoi Airteagal 6 (1) (c) agus (e) den Rialachán Ginearálta um Chosaint Sonraí. Tá na forais le haghaidh próiseála sonraí bunaithe i:

- Airteagal 9 de Threoir Uimh. 2014/89 / AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 lena mbunaítear creat do phleanáil spásúil mhuirí, a chuireann iallach ar na Ballstáit modhanna rannpháirtíochta poiblí a bhunú trí gach páirtí leasmhar a chur ar an eolas agus trí dhul i gcomhairle na geallsealbhóirí agus na húdaráis ábhartha, agus an pobal lena mbaineann, ag céim luath i bhforbairt pleananna spásúla muirí;
- Cuid 5 den Acht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) 2018.

### **Slándáil do shonraí pearsanta**

Cuireann an Roinn bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí i bhfeidhm chun do chuid faisnéise a chosaint ó rochtain neamhúdaraithe. Mar sin féin, in ainneoin na n-iarrachtaí seo, níl aon bhearta slándála foirfe nó do-ghlactha, agus ní féidir aon mhodh tarchuir sonraí a ráthú i gcoinne aon idirghabhála nó cineál eile mí-úsáide. Sa chás go gcuirtear do shonraí pearsanta i gcontúirt mar thoradh ar shárú slándála, cuirfear i bhfeidhm beartas agus nósanna imeachta maidir le Sárú ar an Roinn.

## **Faighteoirí na sonraí**

Is féidir sonraí pearsanta a mhalartú le Ranna Rialtais eile, le húdaráis áitiúla, le gníomhaireachtaí faoi choimirce na Roinne, nó le comhlachtaí poiblí eile, i gcúinsí áirithe nuair a dhéantar foráil dó de réir an dlí.

## **Aistrithe Sonraí Trasteorann**

Ní aistreoidh an Roinn sonraí pearsanta a bailíodh maidir leis an bpróiseas rannpháirtíochta poiblí seo chuig aon tír nó eagraíocht idirnáisiúnta lasmuigh den AE / LEE.

## **Cá fhad a choinneoidh do chuid sonraí?**

Ní choinneoidh an Roinn do shonraí pearsanta ach fad is atá sé riachtanach chun na gcríoch ar bailíodh agus ar próiseáladh iad. Nuair nach bhfuil do shonraí pearsanta ag teastáil a thuilleadh chun na críche seo, scriosann muid nó scriosfaimid iad ar bhealach slán.

Ag teacht le riachtanais reachtaíochta agus gnó, beidh an tréimhse coinneála sonraí do shonraí pearsanta ag teacht le riachtanais reachtaíochta agus aonaid ghnó agus leis an Acht um Chartlann Náisiúnta 1986 (arna leasú).

## **Do chearta**

Polasaí Cosanta Sonraí na Roinne, a leagann amach conas a úsáidfimid do shonraí pearsanta, chomh maith le faisnéis a sholáthar maidir le do chearta mar ábhar sonraí (lena n-áirítear sonraí maidir le ceart rochtana, ceart chun ceartúcháin, ceart chun scriosta, ceart chun srianadh próiseála , an ceart chun agóid a dhéanamh), ar fáil ar ár láithreán gréasáin. Tá an polasaí ar fáil i gcóip chrua ar iarratas.

Má mheasann tú gur sáraíodh do chearta, tá sé de cheart agat gearán a dhéanamh le Coimisinéir Cosanta Sonraí na hÉireann ([www.dataprotection.ie](http://www.dataprotection.ie)), agus tá sé de cheart agat leigheas breithiúnach a lorg.

## **Déan Teagmháil Linn**

Má theastaíonn tuilleadh eolais uait, nó más mian leat teacht ar do shonraí pearsanta, téigh i dteagmháil le hOifigeach Cosanta Sonraí na Roinne, le do thoil:

Oifigeach Cosanta Sonraí,  
An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil,  
Bóthar an Bhaile Nua,  
Loch Garman  
Y35 AP90  
Ríomhphost: [data.protection@housing.gov.ie](mailto:data.protection@housing.gov.ie)  
Teileafón: 053 9117450